Comhairle Contae County Council

# Clár Cóiríochta don Lucht Siúil **2025-2029**



**1.0 Réamhrá** 2

1.1 Cad is Clár Cóiríochta don Lucht Siúil ann 2
1.2 Ráiteas Beartais 3
1.3 Ráiteas Straitéise 4

**2.0 Athbhreithniú ar an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024** 5

2.1 Tithíocht Chaighdeánach 5
2.2 Folúntais Ócáideacha 6
2.3 Tionscadail Tógála agus Athchóirithe 7
2.4 An Ché Thiar 8
2.5 Achoimre ar Aonaid a Seachadadh le linn TAP 2019-2024 8
2.6 Caiteachas Caipitil TAP 2019-2024 8

**3.0 Tionscadail Eile le linn TAP 2019-2024** 9

3.1 COVID-19 9
3.2 Maoiniú na gCuntas Díomhaoin 10
3.3 Ciste Infheistíochta Sóisialta GAT 12
3.4 Scéim Iasachta Carbhán 12
3.5 Iarfheistiú St Louise 14
3.6 Caiteachas iomlán le linn TAP 2019-2024 15

**4.0 Clár Cóiríochta don Lucht Siúil (TAP) 2025-2029** 16

4.1 Measúnú ar Chóiríocht Reatha don Lucht Siúil 16
4.2 Measúnú ar riachtanais an lae inniu agus riachtanais amach anseo 19
4.3 An chaoi a bhfreastalóimid ar an riachtanas cóiríochta 20
4.4 Athbhreithniú ar láithreáin atá beartaithe don Lucht Siúil 20
4.4.1 Láithreáin reatha atá le coinneáil 21
4.4.2 Láithreáin reatha atá le baint 21
4.4.3 Láithreáin nua a chur leis Láithreáin Reatha a Leathnú 21
4.5 Láithreáin Neamhbhuana 23

**Aguisín 1 – Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil (LTACC)** 24

**Aguisín 2 – Grúpa Gníomhaíochta don Lucht Siúil an Deiscirt (STAG)** 25

**Gluais Téarmaí** 26

# 1.0 Réamhrá

Ceanglaíonn Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 ar údaráis áitiúla Clár Cóiríochta don Lucht Siúil (TAP) 5 bliana a ullmhú agus glacadh leis.

De réir Alt 10 den Acht, d'eisigh an tAire Stáit do Phleanáil agus Rialtas Áitiúil treoir d'údaráis áitiúla an chéad TAP eile a ullmhú i mí na Nollag 2023. Tá an clár le tréimhse cúig bliana a chlúdach ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2029 agus ní mór glacadh leis faoin 31 Nollaig 2024.

Ghlac Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin leis an gClár Cóiríochta seo don Lucht Siúil an 9 Nollaig 2024.

## 1.1 Cad is Clár Cóiríochta don Lucht Siúil ann

Is clár cúig bliana é Clár Cóiríochta don Lucht Siúil (TAP) a leagann amach conas a bheartaíonn údarás áitiúil freastal ar na riachtanais chóiríochta reatha agus réamh-mheasta don Lucht Siúil laistigh dá limistéar riaracháin le linn shaolré an phlean.

Feidhm reachtúil de chuid na nÚdarás Áitiúil is ea glacadh agus cur i bhfeidhm TAP. Tá an próiseas agus na hamlínte maidir le glacadh an TAP leagtha amach i dtreoirlínte an Aire arna n-eisiúint ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Áirítear leis an bpróiseas seo nach mór d'údaráis áitiúla tabhairt faoi:

- an meastachán ar riachtanais chóiríochta reatha agus réamh-mheasta atá ag an bpobal áitiúil den Lucht Siúil
- comhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara amhail Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil, Grúpaí Ionadaíochta áitiúla don Lucht Siúil, Údaráis Áitiúla in aice láimhe, Comhlachtaí Deonacha Tithíochta agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- próiseas comhairliúcháin phoiblí níos leithne

Feidhm Fhorchoimeádta is ea glacadh an TAP. Is éard atá i gceist againn leis seo ná gur cinneadh beartais é a dhéanann comhaltaí tofa (Comhairleoirí) an údaráis áitiúil.

## 1.2 Ráiteas Beartais

Is é seo an séú Clár Cóiríochta don Lucht Siúil de chuid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Athdhearbhaíonn sé ár dtiomantas do chóiríocht ardchaighdeáin a sholáthar do bhaill an Lucht Siúil atá incháilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta inár limistéar riaracháin.

Le linn Eanáir agus Feabhra 2024, rinneamar measúnú cuimsitheach ar riachtanais chun riachtanais chóiríochta reatha agus amach anseo a shainaithint, mar aon le sainaithint a dhéanamh ar roghanna an Lucht Siúil a bhfuil cónaí orthu i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Ba é an chonclúid in anailís ar an measúnú seo ná go mbeidh cóiríocht de dhíth ar 52 teaghlach le linn shaolré an chláir.

Príomhthosaíocht don TAP seo is ea ár gcumas chun cóiríocht bhreise a thógáil don Lucht Siúil a chinntiú le linn an TAP seo agus TAPanna amach anseo. Chun é seo a bhaint amach, tá sé beartaithe againn láithreáin atá faoi úinéireacht na Comhairle a chur in ionad láithreáin faoi úinéireacht phríobháideach a áiríodh in TAPanna roimhe seo.

Ní mholaimid láithreán neamhbhuan a sholáthar i limistéar riaracháin na Comhairle mar chuid den TAP seo. Leanfaimid ar aghaidh ag dul i dteagmháil le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath eile chun cur chuige réigiúnach a fhorbairt maidir le láithreáin neamhbhuana agus leis an bpobal áitiúil den Lucht Siúil chun a chinntiú go dtiocfar ar chomhaontú ar an gceist seo sula gcuirfear moladh ar aghaidh.

Táimid tiomanta dár n-oibleagáidí faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018 agus Dualgas na hEarnála Poiblí atá san Acht Fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 a chomhlíonadh. Leanfaimid orainn ag cur cearta daonna agus an comhionannas chun cinn i seachadadh ár gcuid seirbhísí. Chun cabhrú leis seo, leanfaimid orainn ag forbairt agus ag feabhsú an chaidrimh le Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil (LTACC), agus leis an nGrúpa Gníomhaíochta don Lucht Siúil an Deiscirt (STAG). Cabhróidh ár nOifigeach Idirchaidrimh don Lucht Siúil a fostaíodh le déanaí chun seirbhísí don Lucht Siúil a chomhordú agus a fheabhsú.

Leanfaimid orainn ag iniúchadh na roghanna maoinithe go léir atá ar fáil dúinn (amhail Maoiniú na gCuntas Díomhaoin) chun tionscnaimh nua a sheachadadh a dhéanann tairbhe don Lucht Siúil.

Déileálfar le campaí neamhúdaraithe, le háititheoirí mídhleathacha agus le hiompraíocht fhrithshóisialta de réir Straitéis Iompraíochta Frithshóisialta 2022 - 2028 na Comhairle agus de réir na reachtaíochta cuí.

## 1.3 Ráiteas Straitéise

Áireofar na nithe seo a leanas inár gcur chuige maidir le freastal ar riachtanais chóiríochta ár nDaonra Lucht Siúil le linn shaolré an TAP seo:

- leithroinnt folúntais ócáideacha a thagann chun cinn laistigh dár stoc reatha de chóiríocht don Lucht Siúil
- athchóiriú ar Chóiríocht reatha don Lucht Siúil
- leithdháileadh de thithíocht shóisialta chaighdeánach (réadmhaoin na Comhairle agus an Chomhlachta Ceadaithe Tithíochta) do Theaghlaigh an Lucht Siúil ar an liosta feithimh tithíochta
- cóiríocht nua a thógáil don Lucht Siúil go sonrach

Beidh an tAonad Cóiríochta don Lucht Siúil i gceannas ar sheachadadh an chláir seo. Oibreoidh siad go dlúth leis an Rannóg Tógála Tithe agus leis an Roinn Ailtireachta araon a bhfuil ról ríthábhachtach acu in aonaid nua agus athchóirithe a sheachadadh. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go dteastaíonn maoiniú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus cead pleanála do gach tionscadal tógála agus athchóirithe, de réir Chuid 8 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, agus Rialacháin 2001, agus Alt 179a de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2023.

Leanfaimid orainn ag cur seirbhís feighlíochta agus cothabhála ar fáil do dhaoine a bhfuil cónaí orthu inár gcóiríocht don Lucht Siúil.

Oibreoimid go dlúth le LTACC agus STAG chun saincheisteanna a thagann chun cinn a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu, agus úsáidfimid na clinicí seachtainiúla a bunaíodh le déanaí arna n-éascú ag ár nOifigeach Idirchaidrimh don Lucht Siúil in oifigí STAG chun tacú leis an Lucht Siúil le gach saincheist a bhaineann leis an tithíocht.

Leanfaimid ar aghaidh ag obair le CENA (Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (AHB) a oibríonn don Lucht Siúil agus leosan) chun suíomhanna oiriúnacha do thithíocht don Lucht Siúil a aithint trí Mhaoiniú na Scéime Cúnaimh Caipitil (CAS).

Tabharfar nuashonruithe rialta ar dhul chun cinn an TAP trí thuarascálacha staitistiúla agus ag cruinnithe de choistí ar nós an LTACC agus an Coiste um Beartais Straitéiseacha (CBS) a bhaineann le Tithíocht.

Ní chuirfidh aon ní sa chlár seo cosc ar an bPríomhfheidhmeannach a chumhachtaí a thugtar faoi Alt 2(9) den Acht um Bainistí Chathrach agus Contae (Leasú), 1955 a fheidhmiú chun tithíocht shealadach a sholáthar i gcás éigeandála.

# 2.0 Athbhreithniú ar an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024[1]

Sainaithníodh sa Mheasúnú ar Riachtanais le haghaidh TAP 2019-2024 go raibh gá ann **52** aonad cóiríochta a sheachadadh le linn shaolré an chláir.

Sháraigh muid na spriocanna a leagamar síos sa TAP i réimsí áirithe, ach bhí moill shuntasach (breis is dhá bhliain) ar ár gclár tógála agus athchóirithe mar gheall ar COVID-19 agus gach dúnadh agus dianghlasáil a bhí ann de bharr na paindéime.

Déanann na codanna seo a leanas cur síos ar an gcaoi a ndearnamar **47** aonad cóiríochta a sheachadadh le 5 bliana anuas.







## 2.1 Tithíocht Chaighdeánach

Leithdháileadh tithíocht chaighdeánach ar 20 teaghlach ar an iomlán de réir Scéim Leithdháilte na Comhairle. Sháraigh sé seo an sprioc a leagadh síos faoi **43%**.

| Bliain | Spriocanna Réamh-mheasta Líon na nAonad | Seachadta |
|---|---|---|
| 2019 | 1 | 6 |
| 2020 | 3 | 2 |
| 2021 | 3 | 3 |
| 2022 | 3 | 4 |
| 2023 | 3 | 4 |
| 2024 | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **14** | **20** |

1 TAP 2019-2024

## 2.2 Folúntais Ócáideacha

Leithdháileadh cóiríocht ar 21 teaghlach trí Liosta Feithimh Tithíochta Sonrach don Lucht Siúil na Comhairle. Bhain na leithdháiltí seo le folúntais a tháinig chun cinn inár gcóiríocht reatha don Lucht Siúil. Sháraigh sé seo an sprioc a leagadh síos faoi 50%.

| Bliain | Spriocanna Réamh-mheasta Líon na nAonad | Seachadta |
|---|---|---|
| 2019 | 2 | 2 |
| 2020 | 2 | 3 |
| 2021 | 2 | 7 |
| 2022 | 2 | 6 |
| 2023 | 3 | 3 |
| 2024 | 3 | 0 |
| **Iomlán** | **14** | **21** |

## 2.3 Tionscadail Tógála agus Athchóirithe

Cuireadh cóiríocht ar fáil do 6 theaghlach san iomlán a soláthraíodh trí mhórthionscadail athchóirithe agus tógála. Is ionann seo agus **25%** den sprioc a leagadh síos.

Tá éifeachtaí COVID-19 le feiceáil sa tábla thíos. Cuireadh moill ar na hamlínte seachadta réamh-mheasta do thionscadail tar éis don earnáil tógála a bheith dúnta agus srianta ar feadh breis agus dhá bhliain. Chuir sé seo moill ar rochtain ar láithreáin, scagadh agus measúnuithe láithreáin, agus na dearaí agus na pleananna tosaigh a theastaíonn don phróiseas iarratais ar mhaoiniú Chéim 1-4 a theastaíonn ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

| Bliain | Spriocanna Réamh-mheasta Líon na nAonad | Seachadta | Tuairimí |
|---|---|---|---|
| 2019 | 2 | 0 | |
| 2020 | 3 | 4 | Ráth Michíl |
| 2021 | 5 | 2 | Garrán Cnó |
| 2022 | 6 | 0 | |
| 2023 | 8 | 0 | |
| 2024 | 0 | 0 | |
| **Iomlán** | **24** | **6** | |

Cuirfear na tionscadail ar fad ar chuireamar tús leo ach nárbh fhéidir a thabhairt chun críche le linn TAP 2019 – 2024 ar aghaidh go TAP 2025-2029. Tugann na táblaí thíos dátaí críochnaithe measta na dtionscadal.

| Láithreáin Athchóirithe | Aonaid | Dátaí Seachadta Measta |
|---|---|---|
| Páirc na Coille | 3 | 2025 |
| Páirc Mhichíl | 3 | 2026 |
| Tig Mo Chroí | 3 | 2025 |
| **Iomlán** | **9** | |

| Tógáil | Aonaid | Dátaí Seachadta Measta |
|---|---|---|
| Old Conna | 6 | 2026 |
| Cill Bheagóige | 3 | 2027 |
| Páirc an Bhurtúnaigh | 5 | 2028 |
| **Iomlán** | **14** | |

## 2.4 An Ché Thiar

De réir mar a bhí iarrachtaí á ndéanamh chun an láithreán buan a fhorbairt ag an gCé Thiar i nDún Laoghaire, ba léir nach raibh an láithreán oiriúnach lena fhorbairt mar gheall ar umar mór maolaithe ó ré Victeoiriach a bheith ann faoin dromchla. Tar éis dúinn dul i gcomhairle le hUisce Éireann atá freagrach as bonneagar seirbhísí uisce, measadh go raibh sé riachtanach ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta an láithreán sealadach reatha a dhúnadh agus deireadh a chur le gach plean chun an láithreán buan a fhorbairt.

Díchoimisiúnaíodh láithreán na Cé Thiar ar an 27 Eanáir 2022.


## 2.5 Achoimre ar aonaid a seachadadh le linn TAP 2019-2024

| | Tithíocht Chaighdeánach | Folúntais Ócáideacha | Tógáil agus Athchóiriú | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Réamh-mheasta** | 14 | 14 | 24 | 52 |
| **Seachadta** | 19 | 21 | 6 | 47 |

## 2.6 Caiteachas Caipitil TAP 2019-2024.

In ainneoin moilleanna ar an gclár tógála agus athchóirithe, caitheadh €1.06m san iomlán ar chur chun cinn na dtionscadal éagsúil. Tá an caiteachas seo leagtha amach sa tábla seo a leanas.

| Ainm | Méid Tarraingthe Anuas |
|---|---|
| Ráth Michíl | €277,718 |
| Garrán Cnó | €410,639 |
| Láithreán sealadach agus buan Pháirc na Coille | €75,057 |
| Páirc Mhichíl agus suíomh sealadach Charrchlós Pháirc an Bhurtúnaigh | €26,778 |
| Old Conna | €58,817 |
| Tithe soghluaiste chun tionóntaí a athlonnú | €213,319 |
| **Iomlán** | **€1,062,328** |



# 3.0 Tionscadail Eile le linn TAP 2019-2024

Idir 2019 agus 2024, bhaineamar leas as roinnt deiseanna maoinithe breise chun tabhairt faoi thionscadail a chreideamar a chuirfeadh feabhas ar chaighdeán saoil phobal an Lucht Siúil. Rinneadh gach tionscadal a phleanáil agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le STAG agus LTACC.

Soláthraíonn na codanna seo a leanas faisnéis ar na tionscadail seo.

## 3.1 COVID-19

Tar éis cruinnithe éigeandála i Márta agus Aibreán 2020 le STAG agus LTACC, forbraíodh plean teagmhasach agus freagairt ar ghéarchéim COVID-19. I measc na ngníomhartha sonracha atá sa phlean seo bhí an méid seo a leanas:

- Glanadh gach limistéar comhroinnte sna láithreáin
- Cuireadh mataí dífhabhtáin ag an mbealach isteach chuig gach láithreán
- Dáileadh pacaí láimhe ina raibh díghalrán lámh, éadaí agus faisnéis COVID-19
- Comharthaíocht ar gach láithreán (stionsaláil bóithre)
- Cúpla Portaloo chun scaradh sóisialta ar láithreáin a éascú
- Fuarthas 6 charbhán chun féinleithlisiú ar láithreáin a éascú
- Thug Foireann Sláinte Phríomhúil STAG cuairt ar gach láithreán
- Teagmháil laethúil le STAG maidir le bearta coisctheacha.
- Iniúchtaí laethúla ag na feighlithe
- Comhairle STAG ar sheirbhísí bunúsacha agus nuashonruithe seachtainiúla do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr).

Mar aon le leanúint lenár seirbhís feighlíochta agus cothabhála le linn na paindéime, chinntigh na bearta thuas nach raibh aon ráig mhór ann. Ba é an costas a bhain leis na bearta riachtanacha seo chun ár bpobal Lucht Siúil a choinneáil slán agus chun scaipeadh an ionfhabhtaithe mhilltigh seo a laghdú ná €240,366. Bhí an caiteachas seo maoinithe go hiomlán ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.



## 3.2 Maoiniú na gCuntas Díomhaoin

Le trí bliana anuas, tá Maoiniú na gCuntas Díomhaoin faighte ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta do bhearta a sholáthraíonn tacaíocht agus/nó áiseanna do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht shonrach don Lucht Siúil. Thug an Roinn cuireadh d'Údaráis Áitiúla cur isteach ar an maoiniú seo do thionscadail a thagann faoi cheann de na catagóirí seo a leanas:

a. Oiliúint agus tacaíocht chun cabhrú leis an Lucht Siúil i gcothú tionóntachta.

b. Tionscadail chun feasacht ar Chultúr an Lucht Siúil a ardú.

c. Idirghabháil agus tógáil pobail.

d. Áiteanna súgartha do leanaí.

Chuireamar isteach agus fuaireamar maoiniú do roinnt tionscadal thar na trí bliana a raibh fáil ar mhaoiniú.

Chuidigh na tionscadail seo, a bhfuil achoimre orthu ar an gcéad leathanach eile, le feabhas a chur ar cháilíocht saoil an Lucht Siúil a chónaíonn i gCóiríocht Shonrach don Lucht Siúil i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Ní bheidís indéanta gan tacaíocht ó LTACC, STAG, agus an Lucht Siúil.

Cuireadh tionscadail an Ghrúpa Fócais ar an ngearrliosta sa chatagóir Éagsúlacht agus Cuimsiú de Dhámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil de chuid Chomhlachas Tráchtála na hÉireann.

Chambers Ireland
Local Government AWARDS 2023
SHORTLISTED

ciste na gcuntas díomhaoin
the dormant accounts fund

**€30,000**

**Le haghaidh tionscadail chun spásanna comhroinnte a fheabhsú le suíocháin agus boscaí plandaí i mBaile an Bhóthair agus i gCill Bheagóige**

**€40,271**

**Le haghaidh áiteanna súgartha sábháilte i bPáirc St Louise agus i nGarrán Cnó**

**€11,931**

**Do Ghrúpaí Fócais faoi cheisteanna a bhaineann le cóiríocht don Lucht Siúil, folláine mhná an Lucht Siúil agus feabhas a chur ar chumarsáid idir Údaráis Áitiúla agus an Lucht Siúil**

**€15,000**


**Le haghaidh tionscnamh Láithreáin Shlachtmhara i Halla an Bhurtúnaigh**



## 3.3 Ciste Infheistíochta Sóisialta GAT (An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe)

D’éirigh linn iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh limistéar suíochán iata i gCorrán an Gharráin Chnó in 2023. Críochnaíodh agus seachadadh é seo le maoiniú €20,840 tarraingthe anuas. Chuir sé seo áit shábháilte ar fáil do leanaí óga le teacht le chéile laistigh den láithreán agus cuireadh isteach é i gcomhairle leis na cónaitheoirí.





**€20,840**

**Limistéar Suíochán Iata i gCorrán an Gharráin**

## 3.4 Scéim Iasachta Carbhán

I mí Iúil 2022, sheol an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Scéim Phíolótach Iasachta Carbhán chun cabhrú le baill den Lucht Siúil nach raibh sé d’acmhainn acu a gcuid carbhán féin a cheannach.

Ó tugadh isteach an scéim, thacaíomar le deich dteaghlach iarratas a dhéanamh ar iasachtaí carbhán arbh fhiú €394,000 san iomlán iad. Mar thoradh ar na hiasachtaí seo, tá tithe soghluaiste nua-aimseartha faighte ag na deich dteaghlach a chuir feabhas suntasach ar a gcoinníollacha maireachtála, agus féachadh chuige go seasfadh cóiríocht don Lucht Siúil ar ár láithreáin an aimsir.








**Thugamar tacaíocht do 10 dteaghlach chun iarratas a dhéanamh ar iasachtaí carbhán ar luach iomlán de**


**€394,000**

## 3.5 Iarfheistiú St Louise

Go luath in 2024, críochnaíodh domhain-iarfheistiú fuinnimh ar na sé theach inár Scéim Grúpthithíochta, St Louise. Áiríodh leis an obair iarfheistithe suiteáil caidéil teasa, fuinneoga agus doirse nua, insliú na mballaí seachtracha agus na n-áiléar.

Thug an tionscadal rátálacha RFF (Rátáil Fuinnimh Foirgnimh) na réadmhaoine go D1/D2 go B1/A3 agus d’athraigh sé cuma an eastáit ina scéim grúpthithíochta atá idir nua-aimseartha agus dea-inslithe. D’éirigh leis cáilíocht saoil na gcónaitheoirí a fheabhsú agus a gcuid billí fuinnimh a laghdú go mór.





**Críochnaíodh iarfheistiú fuinnimh do 6 theach**

**€508,021**

## 3.6 Caiteachas iomlán le linn TAP 2019-2024

Tá €2.3m caite ag an gComhairle go dtí seo ar fud an TAP 2019-2024 mar a leagtar amach thíos. Ní áirítear leis seo caiteachas ar chothabháil agus ar bhainistiú bliantúil na láithreán.

**TAP 2019-2024**
**€1,062,328**

**COVID 19**
**€240,366**


**Maoiniú DAF**
**€97,202**

**Ciste Infheistíochta Sóisialta GAT**
**€20,840**

**Scéim Iasachta Carbhán**
**€394,000**

**Iarfheistiú St Louise**
**€508,021**

**IOMLÁN: €2,322,757**




Leanfaidh an Chomhairle ag aithint sruthanna maoinithe chun cearta an Lucht Siúil a chur chun cinn agus fáiltíonn sí roimh aon tionscnamh nua.

# 4.0 Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029

Léirítear an amlíne agus an próiseas chun TAP 2025-2029 a ghlacadh go ginearálta san íomhá thíos.

## Amlíne le haghaidh TAP 2025 - 2029




## 4.1 Measúnú ar Chóiríocht Reatha don Lucht Siúil

Faoi láthair tá 7 Láithreán Stad, 7 Scéim Grúpthithíochta, 1 láithreán sealadach agus 1 láithreán neamhoifigiúil i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá miondealú ar an gcóiríocht seo agus ar na teaghlaigh a dteastaíonn a gcóiríocht féin uathu ar an gcéad leathanach eile. Léiríonn an léarscáil ar leathanach 18 a suíomh laistigh de thoghcheantair na Comhairle freisin.

| **Láithreáin Stad** | **Bánna** | **Teaghlaigh** | **Teaghlaigh óna dteastaíonn cóiríocht** |
|---|---|---|---|
| Lána an Átha Mhóir, Seanchill | 5 | 5 | 0 |
| Páirc an Bhurtúnaigh, Baile na Lobhar | 5 | 8 | 3 |
| Páirc na Coille, An Naigín | 3 | 4 | 1 |
| Páirc Bhaile an Bhóthair | 4 | 4 | 0 |
| Ascaill Wyckham, Baile an tSaoir | 3 | 5 | 2 |
| Páirc Mhichíl, Baile na Manach | 3 | 4 | 1 |
| Tig Mo Chroí, Bóthar Ghleann na Muc | 4 | 4 | 0 |
| **Iomláin** | **27** | **34** | **7** |

| **Grúpthithíocht** | **Tithe** | **Teaghlaigh** | **Teaghlaigh óna dteastaíonn cóiríocht** |
|---|---|---|---|
| Corrán an Gharráin Chnó | 8 | 10 | 2 |
| Garrán Chill Bheagóige | 3 | 6 | 3 |
| Garrán Bhaile Uí Ógáin | 4 | 6 | 2 |
| Gleann an Draoi | 5 | 5 | 0 |
| Clós Hawthorn | 3 | 3 | 0 |
| Old Conna | 2 | 2 | 0 |
| Páirc St Louise | 6 | 6 | 0 |
| **Iomláin** | **31** | **38** | **7** |

| **Láithreáin Shealadacha** | **Tithe** | **Teaghlaigh** | **Teaghlaigh óna dteastaíonn cóiríocht** |
|---|---|---|---|
| Ráth Michíl | 5 | 5 | 0 |
| **Iomláin** | **5** | **5** | **0** |

| **Láithreáin Neamhoifigiúla** | **Teaghlaigh** | **Teaghlaigh óna dteastaíonn cóiríocht** |
|---|---|---|
| Old Conna | 4 | 4 |
| **Iomláin** | **4** | **4** |

## Cóiríocht Reatha don Lucht Siúil




Cóiríocht atá ann cheana féin

## 4.2 Measúnú ar riachtanais an lae inniu agus riachtanais amach anseo

Ceanglaíonn Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 19982[2] go ndéanfadh Údaráis Áitiúla measúnú ar riachtanais chóiríochta an Lucht Siúil faoi láthair agus amach anseo. Tugtar "measúnú ar riachtanais" air seo agus ní mór é a dhéanamh de réir Alt 6 den Acht. Le linn Eanáir agus Feabhra 2024, rinneamar measúnú mionsonraithe ar ár láithreáin reatha agus ar riachtanais dhaonra an Lucht Siúil mar aon le suirbhé sonrach ar láithreáin neamhbhuana.

Léirigh anailís ar an measúnú ar riachtanais go bhfuil 163 teaghlach den Lucht Siúil ina gcónaí sa chontae. Seo a leanas cóiríocht reatha na dteaghlach seo:

- Cónaíonn 64 teaghlach i dtithíocht shóisialta chaighdeánach
- Cónaíonn 81 teaghlach i gcóiríocht shonrach don Lucht Siúil
- Tá 13 theaghlach i gcóiríocht do dhaoine gan dídean faoi láthair
- Cónaíonn 5 theaghlach i gcóiríocht phríobháideach ar cíos

San áireamh sna 81 teaghlach atá ina gcónaí i gcóiríocht shonrach don Lucht Siúil faoi láthair tá 21 leanbh fásta. Táimid ag súil go dteastóidh a gcóiríocht bhuan féin ag 50% (**11**) de na leanaí fásta seo le linn shaolré TAP.

Is é an riachtanas cóiríochta measúnaithe iomlán, lena n-áirítear riachtanas na leanaí fásta ná **52** aonad. Tá miondealú ar an riachtanas cóiríochta seo leagtha amach sa tábla thíos.

| **Cúis le riachtanas cóiríochta** | **Líon** |
|---|---|
| Cónaíonn **14** theaghlach i gcoinníollacha plódaithe | 14 |
| Cónaíonn **5** theaghlach ar láithreán sealadach | 5 |
| Cónaíonn **4** theaghlach ar láithreán neamhoifigiúil | 4 |
| Cónaíonn **5** theaghlach i gcóiríocht phríobháideach ar cíos | 5 |
| Cónaíonn **13** theaghlach i gcóiríocht do dhaoine gan dídean | 13 |
| 50% de na leanaí fásta óna dteastóidh a gcóiríocht féin | 11 |
| **Líon na nAonad atá ag Teastáil** | **52** |

2 Acht Tithíochta 1998

## 4.3 An chaoi a bhfreastalóimid ar an riachtanas cóiríochta

Seo a leanas rogha chóiríochta na 52 teaghlach óna dteastaíonn cóiríocht:

| Cineál Cóiríochta | Líon |
|---|---|
| Sonrach don Lucht Siúil | 31 |
| Caighdeánach | 7 |
| Neamhshonraithe | 14 |
| **Iomlán** | **52** |

Imlíníonn an tábla seo a leanas ár straitéis bheartaithe chun na haonaid seo a sheachadadh thar shaolré an TAP mar aon leis na tionscadail athchóirithe atá á dtabhairt ar aghaidh ó TAP 2019-2024. Tá na tionscadail athchóirithe mar chuid ríthábhachtach den TAP toisc go réitíonn siad saincheisteanna sábháilteachta ar láithreáin óna dteastaíonn láithreáin, cuireann siad tithe atá níos tíosaí ar fhuinneamh ar fáil agus feabhsaíonn siad na coinníollacha maireachtála ar an iomlán ar láithreáin atá ann cheana féin.

| Bliain | Caighdeánach | Folúntais Ócáideacha | Á dTógáil | Athchóiriú |
|---|---|---|---|---|
| 2025 | 4 | 3 | | Páirc na Coille (3)<br>Tig Mo Chroí (3) |
| 2026 | 4 | 2 | Old Conna (6) | Páirc Mhichíl (3) |
| 2027 | 4 | 3 | Cill Bheagóige (3) | Cill Bheagóige (3) |
| 2028 | 4 | 3 | Páirc an Bhurtúnaigh (5) | Páirc an Bhurtúnaigh (5) |
| 2028 | 4 | 2 | Bóthar na Potaireachta (5) | |
| **Iomláin** | **20** | **13** | **19** | **17*** |

*Ní dhéanfar iad a áireamh mar chóiríocht bhreise toisc go bhfuil daoine ina gcónaí sna haonaid cheana féin.










## 4.4 Athbhreithniú ar láithreáin atá beartaithe don Lucht Siúil

Mar chuid den phróiseas chun TAP 2025-2029 a fhorbairt, tá athmheasúnú déanta againn ar inmharthanacht na láithreán go léir a bhí curtha i leataobh roimhe seo chun Cóiríocht don Lucht Siúil a fhorbairt amach anseo. Táimid tar éis cuardach cuimsitheach a dhéanamh sa Chontae freisin do láithreáin nua fhéideartha chun cur leis an liosta reatha le haghaidh TAPanna amach anseo.

Léiríonn na codanna seo a leanas ár moltaí ina leith seo.

### 4.4.1 Láithreáin reatha atá le coinneáil

Tá na láithreáin seo a leanas atá san áireamh in TAP 2019-2024 faoi úinéireacht na Comhairle. Is féidir iad uile a fhorbairt amach anseo agus coimeádfar iad in TAP 2025-2029.

| Ainm | Toghbharda | Líon na nAonad |
|---|---|---|
| Ráth Michíl | Cill Iníon Léinín/Seanchill | 5 |
| Bóthar na Potaireachta | Dún Laoghaire | 5 |
| Clórach | Gleann Cuilinn/Áth an Ghainimh | 3 |
| Baile an Locháin | Cill Iníon Léinín/Seanchill | 5 |

### 4.4.2 Láithreáin reatha atá le baint

Áiríodh na trí láithreán seo a leanas i roinnt TAPanna roimhe seo. Níl aon cheann de na láithreáin faoi úinéireacht na Comhairle agus níorbh fhéidir iad a fhorbairt le linn TAPanna roimhe seo.

Toisc go bhfuil seans maith ann nach mbeidh an Chomhairle in ann na láithreáin seo a fháil agus a fhorbairt go deo, moltar iad:

- a bhaint de TAP 2025-2029 agus
- láithreáin eile atá faoi úinéireacht na Comhairle a chur ina n-áit, cinn ar féidir iad a fhorbairt

| Ainm | Toghbharda | Líon na nAonad | Trácht |
|---|---|---|---|
| Bóthar Áth na Scéire | Gleann Cuilinn/Áth an Ghainimh | 4 | Tá an láithreán seo suite ag an bpríomhbhealach isteach chuig coimpléasc árasán ilstórach. Tá sé idir dhá shruth agus bheadh balla coinneála mór de dhíth. Tá sé seo róchostasach agus ní láithreán oiriúnach é lena fhorbairt. |
| UCD | Stigh Lorgan | 5 | Tá an láithreán seo suite ar thailte an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) |
| Garrán Stigh Lorgan | An Charraig Dhubh | 6 | Tá an láithreán seo suite ar thailte Ospidéal Eoin Dé ar Bhóthar Stigh Lorgan. |
| **Iomlán** | | **15** | |

### 4.4.3 Láithreáin Nua a Chur leis agus Láithreáin Reatha a Leathnú

Tá mionchuardach déanta againn sa Chontae do láithreáin fhéideartha nua chun cur leis an liosta láithreán atá ann faoi láthair atá beartaithe le haghaidh TAPanna amach anseo. Léirítear sa tábla ar an gcéad leathanach eile liosta de na láithreáin faoi úinéireacht na Comhairle atá á moladh againn le cur san áireamh in TAP 2025-2029. Suíomh nua is ea láithreán amháin. Tá dhá cheann in aice le cóiríocht atá ann cheana féin agus ceadóidh sé cóiríocht bhreise/fheabhsaithe sna suíomhanna seo.

Trí na suíomhanna seo a chur leis, déanfaimid cúiteamh ar na haonaid a d'fhéadfaí a chailleadh ach na trí láithreán liostaithe sa chuid roimhe seo agus cuirfimid glanmhéadú le líon iomlán na n-aonad is féidir a sheachadadh sna blianta atá le teacht.

| Suíomh | Barda na Comhairle | Aonaid Fhéideartha |
|---|---|---|
| M50 - Carraig Mhaighin | Gleann Cuilinn-Áth an Ghainimh | 10 |
| Páirc Bhaile an Bhóthair | An Charraig Dhubh | 4 |
| Corrán an Gharráin Chnó | Dún Droma | 5 |
| **Iomlán** | | **19** |

Ní féidir ag an bpointe seo amlíne a thabhairt maidir le forbairt na láithreán seo amach anseo.

Déanfar athbhreithniú ar láithreáin nua fhéideartha tar éis don Údarás Náisiúnta Iompair na tailte a cuireadh i leataobh do Chonair Sheachbhóthar an Oirthir a eisiúint.

## Cóiríocht Reatha agus Nua don Lucht Siúil



## 4.5 Láithreáin Neamhbhuana

I mí an Mheithimh 2019, thug Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas cuireadh do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin athbhreithniú comhionannais a dhéanamh de réir Alt 32 d'Acht Fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Ba é ceann de mholtaí an Choimisiúin go ndéanfadh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin breithniú ar an méid seo a leanas;

***"freagra a bhunú agus a fhorbairt ar riachtanais an Lucht Siúil a bhfuil saol fánaíochta acu laistigh den chontae agus tríd an gcontae trí bhánna láithreáin stad neamhbhuana a sholáthar"***

Is láithreán cóiríochta don Lucht Siúil é 'láithreán neamhbhuan' a bhfuil sé mar aidhm aige ligean do bhaill den Lucht Siúil stíl mhaireachtála thraidisiúnta fánaíochta a bheith acu. Murab ionann agus cineálacha eile Cóiríochta don Lucht Siúil (amhail láithreáin stad agus grúpthithíocht) níl láithreán buan beartaithe cóiríocht a chur ar fáil don Lucht Siúil atá ina gcónaí sa chontae ina bhfuil sé suite. Ina áit sin, tá sé le saoráidí a sholáthar is féidir leis an Lucht Siúil ó áiteanna eile sa tír, nó thar lear, a úsáid le haghaidh tréimhsí gearra agus iad ag bogadh timpeall na tíre.

Mar chuid den phróiseas measúnaithe ar riachtanais, rinneamar suirbhé ar cheist na láithreán neamhbhuan i measc an Lucht Siúil a bhfuil cónaí orthu faoi láthair i gcóiríocht shonrach don Lucht Siúil i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Mar chuid dár suirbhé, fiafraíodh de 83 teaghlach ar thacaigh siad le láithreán neamhbhuan a sholáthar in (a) Dún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr), (b) limistéar Bhaile Átha Cliath nó (c) go náisiúnta. Tá torthaí an tsuirbhé leagtha amach sa tábla seo a leanas.

| Suíomh | Tacaím | Ní Thacaím | Nílim Cinnte |
|---|---|---|---|
| dlr | 19.5% | 20.5% | 60% |
| Baile Átha Cliath | 21.5% | 20.5% | 58% |
| Go Náisiúnta | 23% | 16% | 61% |

Is léir ó thorthaí an tsuirbhé seo nach bhfuil aon chomhaontú soiléir i measc an Lucht Siúil a bhfuil cónaí orthu i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin ar cheist na láithreán neamhbhuan.

Pléadh an cheist freisin ag cruinnithe LTACC, áit nach raibh aon chomhaontú soiléir arís faoin mian le láithreán neamhbhuan a sholáthar laistigh de Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Chuamar i gcomhairle freisin leis na hÚdaráis Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath a dheimhnigh nach raibh aon chomhaontú i measc an Lucht Siúil maidir le láithreáin neamhbhuana ina gceantair.

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go leanfaidh ceithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath ag obair ar fhreagra réigiúnach ar sholáthar na láithreán neamhbhuan. Ní dhéanfar breithniú ar láithreáin neamhbhuana a sholáthar i gceantar réigiúnach Bhaile Átha Cliath mura bhfuil comhaontú i measc an Lucht Siúil sa réigiún maidir leis na láithreáin seo, in éineacht le forbairt ar pholasaí náisiúnta maidir le suíomh, bainistíocht agus rialú na láithreán seo.

## Aguisín 1 Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil (LTACC)

Tháinig an LTACC le chéile 31 uair le linn shaolré TAP 2019 -2024 agus tá na comhaltaí liostaithe thíos;

An Clr Hugh Lewis (Cathaoirleach), An Clr Peter O' Brien, An Clr Martha Fanning, Geraldine Dunne (STAG), Margaret O'Leary (STAG), Gisele Scanlon (STAG), Jim Ryan S.E.O., Liam O'Donovan A.O., Chemaine McCann Oifigeach Idirchaidrimh don Lucht Siúil

Tá ról reachtúil ag LTACC maidir le comhairle a chur ar an Údarás Áitiúil maidir le cóiríocht don Lucht Siúil a sholáthar agus a bhainistiú , agus an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Éascaíonn sé freisin idirchaidreamh idir an Chomhairle agus baill den Lucht Siúil agus de ghnáth tionóltar cruinnithe sé huaire in aghaidh na bliana. Tá sé seo i gcomhréir le hAlt 21 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998.[3]

I measc na míreanna rialta ar an gclár tá nuashonruithe ar an TAP, sábháilteacht dóiteáin, tionscnaimh um chearta an duine, bainistíocht eastát, cothabháil, agus athsholáthar ar láithreán na Cé Thiar. Bhí caidreamh oibre an-dearfach idir baill an choiste le linn an TAP agus tá an Chomhairle ag tnúth le leanúint leis an gcaidreamh seo don chéad chlár eile.

# Aguisín 2 Grúpa Gníomhaíochta don Lucht Siúil an Deiscirt (STAG)

Is grúpa ionadaíoch áitiúil tábhachtach don Lucht Siúil é STAG a oibríonn go dlúth le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Soláthraíonn sé raon leathan clár agus seirbhísí chun freastal ar riachtanais an Lucht Siúil agus déanann sé abhcóideacht rialta ar a son.

Bhain STAG agus Aonad Cóiríochta don Lucht Siúil na Comhairle an méid seo a leanas amach le linn an TAP deiridh.

- Freagairt theagmhasach ar COVID-19.
- Grúpaí Fócais ar chultúr an Lucht Siúil agus Cearta Daonna.
- Clár Oiliúna d'Fhoireann na Tithíochta ar Chultúr an Lucht Siúil.
- Cruinnithe comhairliúcháin leis an Lucht Siúil don TAP.
- Cláir rannpháirtíochta tionóntaí i mbainistíocht eastát.
- Meastachán Bliantúil ar an Lucht Siúil.
- Clinic Tithíocht Rialta don Lucht Siúil.
- Baint Bacainní ar bhonn Píolótach

Níl iontu seo ach cuid de na tionscadail ar éirigh leo a baineadh amach le linn an TAP deiridh agus tá an Chomhairle ag tnúth le leanúint leis an dlúthchaidreamh atá aici le STAG sa chéad chlár eile.

# Gluais Téarmaí

| | |
|---|---|
| **AHB** | Comhlacht Ceadaithe Tithíochta |
| **Scéim Leithdháilte** | Scéim na Comhairle chun tithíocht a leithdháileadh |
| **Measúnú ar Riachtanais** | Measúnú ar mhéid agus ar chineál na teidlíochta tí |
| **Bá** | Áit pháirceála do thithe soghluaiste/carbháin ar láithreán stad |
| **Feighlithe** | Seirbhís feighlíochta na Comhairle do chothabháil na láithreán |
| **Folúntais Ócáideacha** | Folúntais a thagann chun cinn i gcóiríocht shonrach don Lucht Siúil. |
| **CENA** | Comhlacht Ceadaithe Tithíochta le speisialtóireacht i gCóiríocht don Lucht Siúil |
| **COVID-19** | Galar coróinvíris de bharr SARS-CoV-2 |
| **DAF** | Maoiniú na gCuntas Díomhaoin. |
| **Scéim Grúpthithíochta** | 12 theach ar a mhéad i scéim atá don Lucht Siúil go sonrach |
| **HFA** | Tugann an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe réamhíocaíocht ar iasachtaí d'Údaráis Áitiúla |
| **FSS** | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **LTACC** | Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil |
| **Láithreán Stad** | Láithreán don lucht siúil le tithe lae agus bánna do thithe soghluaiste |
| **Feidhm Fhorchoimeádta** | Cinneadh a dhéanann Comhaltaí Tofa na Comhairle amháin |
| **Ciste Infheistíochta Sóisialta** | Maoinithe ag an GAT chun tacú le tionscadail Tithíochta |
| **CBS** | Coiste um Beartais Straitéiseacha |
| **STAG** | Grúpa Gníomhaíochta don Lucht Siúil an Deiscirt |
| **Tithíocht Chaighdeánach** | Tithíocht Shóisialta lena bhfuil Tacaíocht |
| **TAP** | Clár cúig bliana chun freastal ar riachtanais chóiríochta reatha agus réamh-mheasta an Lucht Siúil |
| **Láithreán Stad Sealadach/Éigeandála** | Saoráidí bunúsacha ar shainsuíomh sealadach don Lucht Siúil do charbháin |
| **Láithreán Stad Neamhbhuan** | Láithreán a sholáthraíonn áiseanna bunúsacha don Lucht Siúil fánaíochta |
| **Oifigeach Idirchaidrimh don Lucht Siúil** | Oifigeach na Comhairle chun cabhrú le comhordú don Lucht Siúil agus feabhsú seirbhísí don Lucht Siúil |
| **Cóiríocht Shonrach don Lucht Siúil** | Cóiríocht ainmnithe don Lucht Siúil amháin |

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
Halla na Cathrach,
Bóthar na Mara, Dún Laoghaire,
Co. Bhaile Átha Cliath,
A96 K6C9

Fón: (01) 205 4700
Ríomhphost: info@dlrcoco.ie
Suíomh: www.dlrcoco.ie